CÚIRT INIÚCHÓIRÍ NA hEORPA

GA

Preasráiteas

Lucsamburg, 8 Samhain 2022

Téarnamh, fuinneamh, aeráid, slándáil agus go leor topaicí eile faoi ghrinnscrúdú iniúchóirí an Aontais Eorpaigh

Inniu, d'fhoilsigh Cúirt Iniúchóirí na hEorpa (CIE) a clár oibre don bhliain 2023 agus ina dhiaidh sin, ina ndéantar liosta dá tosaíochtaí iniúchóireachta go luath amach anseo. Clúdóidh na tosaíochtaí sin réimse leathan saincheisteanna a léiríonn príomhdhúshláin agus príomhábhair imní an Aontais mar chuid dá fhreagairt ar an iliomad géarchéimeanna a bhfuil aghaidh á tabhairt aige orthu. Leanfaidh na hiniúchóirí de sheiceáil a dhéanamh an bhfuil an Aontas ag baint úsáid mhaith as airgead na gcáiníocóirí chun na torthaí atá beartaithe a bhaint amach.

Tá liosta de 82 thopaic i gclár oibre 2023+ na Cúirte atá nasctha leis na réimsí tosaíochta straitéiseacha. Mar shampla, clúdaíonn 12 iniúchadh an pacáiste téarnaimh paindéime de €800 billiún 'NextGenerationEU', a chlúdaíonn an tSaoráid Téarnaimh agus Athléimneachta (RRF) go príomha. Faoi 'athrú aeráide, an comhshaol agus acmhainní nádúrtha', liostaítear sa chlár 21 iniúchadh, lena n-áirítear iniúchtaí maidir le slándáil fuinnimh, truailliú, iompar ainmhithe agus táirgeadh bia inbhuanaithe. Breathnóidh an Chúirt freisin ar ghníomhaíochtaí seachtracha an Aontais, amhail cúnamh do dhídeanaigh, soghluaisteacht mhíleata agus an Comhbheartas Eachtrach agus Slándála.

"Tá ar gach shaoránach den Aontas agus a Bhallstáit deileáil leis an iliomad géarchéime: an paindéim dhomhanda, athrú aeráid mhear agus, le déanaí, géarchéim ollmhór fuinnimh, slándála agus imirce mar thoradh ar chogadh foghach na Rúise ar an Úcráin" a deir Uactarán na Cúirte Iniúchóirí, Tony Murphy. *"Mar iniúchóir neamhspleách an Aontais Eorpaigh, déanfaimid, mar sin, seiceáil gur úsáideach cistí an Aontais ar bhealach cuí le cuidiú chun éifeachtaí an iliomad géarchéimeanna sin a shárú."*

Scrúdóidh na hiniúchóirí freisin na príomh-saincheisteanna a bhaineann le hiomaíochas gheilleagar an Aontais, amhail ceallraí a tháirgeadh, infheistíochtaí san intleacht shaorga agus iompar hidrigine a chur chun cinn. Maidir le beartais fhioscacha, breathnóidh siad go háirithe ar mhaoirseacht baincéireachta an Aontais, ar iomaíocht cánach san Aontas agus ar fheidhmíocht an Chiste Eorpaigh le haghaidh Infheistíochtaí Straitéiseacha. Beidh go leor topaicí eile atá

Is é is cuspóir don phreaseisiúint seo ná na príomhghnéithe de chlár oibre 2023+ Chúirt Iniúchóirí na hEorpa a thabhairt.
Tá an clár oibre iomlán ar www.eca.europa.eu.

ECA Press

12, rue Alcide De Gasperi – L-1615 Luxembourg
E: press@eca.europa.eu @EUAuditors eca.europa.eu

ábhartha don Aontas clúdaithe freisin, ó thrédhearcacht maidir le gníomhaíochtaí brústocaireachta i gcinnteoireacht AE agus an smacht reachtach go sábháilteacht bóthair agus cúram sláinte a dhigiteáil. Ar deireadh, beidh trí iniúchadh dírithe ar chalaois a chomhrac: Gníomhaíocht an Aontais chun aghaidh a thabhairt ar choinbhleachtaí leasa, straitéis frith-chalaoise an Aontais, agus bearta an Aontais in aghaidh calaois CBL ar allmhairí.

Faisnéis chúlra

Déanann an Chúirt measúnú ar gheilleagar, éifeachtacht, éifeachtúlacht, dlíthiúlacht agus rialtacht ghníomhaíocht AE trí obair iniúchóireachta neamhspleách, ghairmiúil, agus ardtionchair. Is gné ríthábhachtach de shlabhra cuntasachta an Aontais iad a dtuarascálacha agus tuairimí iniúchóireachta, agus déanann siad páirtithe a thabhairt chun cuntais, arb iadsan atá freagrach as beartais agus polasaithe AE a chur chun feidhme: an Coimisiún Eorpach, comhlachtaí eile de chuid an Aontais agus riaracháin sna Ballstáit. Ina theannta sin, cuidíonn siad le saoránaigh an Aontais tuiscint níos fearr a fháil ar an gcaoi a bhfuil an tAontas agus a Bhallstáit ag tabhairt aghaidh ar na dúshláin atá ann faoi láthair agus a bheidh ann amach anseo.

Tá clár oibre 2023+ ar fáil ar shuíomh gréasáin CIE eca.europa.eu.

Teagmháil don phreas

Preasoifig CIE: press@eca.europa.eu

- Vincent Bourgeais: vincent.bourgeais@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 551 502
- Damijan Fišer: damijan.fiser@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 621 552 224
- Claudia Spiti: claudia.spiti@eca.europa.eu – Fón póca: (+352) 691 553 547